Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**11224/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0261(NLE)**

**AELE 57**
**EEE 41**
**N 80**
**ISL 36**
**FL 36**
**MI 595**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 30 maidir le forálacha sonracha a bhaineann le comhar a eagrú i réimse an staidrimh agus Prótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, atá i gceangal le Comhaontú LEE (Clár an Mhargaidh Aonair) |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 30 maidir le forálacha sonracha a bhaineann le comhar a eagrú i réimse an staidrimh agus Prótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse atá i gceangal le Comhaontú LEE (Clár an Mhargaidh Aonair)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, Airteagal 43(2), Airteagal 168(4)(b) agus Airteagail 173 agus 338, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh, *inter alia*, Prótacal 30 maidir le forálacha sonracha a bhaineann le comhar a eagrú i réimse an staidrimh, ('Prótacal 30') agus Prótacal 31 (maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse ('Prótacal 31'), atá i gceangal le Comhaontú LEE, a leasú.

(3) Tá Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 30 agus Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

[2] Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 30 maidir le forálacha sonracha bhaineann le comhar a eagrú i réimse an staidrimh agus ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, atá i gceangal le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 11225/21 ag http://register.consilium.europa.eu.